

GEABHAÍ

Tá na geabhaí fiadhaine an-sgéineamhail, ní ísleochaidís ar Innis Mhúsgraidhe dá bhfeicidís duine ann. Ar maidin bhéidís ann nuair nach mbeadh duine ar bith a corruigheann. Is minic ar maidin nuair a déirigh mé go moch ann a d'airigh mé iad ag imtheacht as. D'feicfeá trí scór aca le chéile ar an sliabh. Níl aon áit a dtiocfaidh siad nach mbéidh ceann aca ar an árd ag aireachas. Tráigheanna uilig seadh Inis Músgraidhe. (Ag ithe gainimhe a thagas na geabhaí ann is dóidh.)